C/2025/4670

18.8.2025

Fógra de bhun Airteagal 13 de Threoir 2001/24/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hinstitiúidí creidmheasa a atheagrú agus a fhoirceannadh: dócmhainneacht agus imeachtaí foirceanta European American Investment Bank Aktiengesellschaft

Foirceannadh institiúide airgeadais de chuid na hOstaire

(C/2025/4670)

Le hordú cúirte an 10 Nollaig 2024, d'ordaigh Cúirt Tráchtála Vín (*Handelsgericht Wien* 'HG Wien'), arna iarraidh sin d'Údarás Margaí Airgeadais na hOstaire (*Finanzmarktaufsicht*), imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh mar gheall ar shócmhainní na cuideachta poiblí teoranta European American Investment Bank Aktiengesellschaft (a bhfuil a oifig chláraithe aige in Schottenring 18, A-1010 Vín, agus atá cláraithe i gClár Tráchtála (*Firmenbuch*) HG Wien faoi FN 286544p ('EURAM') ar bhonn chód dócmhainneachta na hOstaire (*Insolvenzordnung* 'IO') i gcomhar le hAcht Baincéireachta na hOstaire (Bankwesengesetz 'BWG') chomh maith le creat ginearálta Acht na hOstaire um Théarnamh agus Réiteach Banc (*Sanierungs- und Abwicklungsgesetz* 'BaSAG'). Is é an cuspóir an institiúid creidmheasa a fhoirceannadh i gcomhréir le IO, BWG agus BaSAG, i.e. na sócmhainní uile a dhíol agus na creidiúnaithe a shásamh ar bhonn *pro rata*.

Luadh in ordú cúirte an 10 Nollaig 2024 nach bhfuil an féichiúnaí i dteideal féinriaracháin (Roinn 74 (2) (6), an abairt dheireanach, IO). Leis an ordú cúirte sin, ceapadh an Dr. Thomas Engelhart freisin mar chleachtóir dócmhainneachta (leachtaitheoir) agus ceapadh Mag. Clemens Richter mar ionadaí.

Mar gheall ar thionscnamh an nós imeachta dócmhainneachta, tharraing BCE ceadúnas EURAM siar i mí an Mhárta 2025 i gcomhréir le Roinn 6 BWG.

Páirtithe atá i dteideal maoin a scaoileadh ó eastát an fhéimhigh (*Aussonderungsberechtigte*) agus páirtithe atá i dteideal sásamh tosaíochta (*Absonderungsberechtigte*) éilimh ar ioncam ó chaidreamh fostaíochta nó ar aon íocaíocht athfhillteach eile a fheidhmíonn mar athsholáthar ioncaim, iarrtar orthu a gcearta maidir le scaoileadh maoine ó eastát an fhéimhigh nó aon cheart chun sásaimh tosaíochta a dhearbhú, trí scríobh chuig an gcleachtóir dócmhainneachta (leachtaitheoir) más féidir.

Tionscnófar na himeachtaí dócmhainneachta go héifeachtach ag tús an lae tar éis lá an fhógra sa chomhad dócmhainneachta (*Insolvenzdatei*) (www.edikte.justiz.gv.at).

Iarrtar ar chreidiúnaithe eachtracha nach bhfuil aon áit seirbheála acu san Ostair gníomhaire a ainmniú atá údaraithe chun glacadh le seirbheáil in áit seirbheála san Ostair tráth cláraithe a n-éileamh nó tráth nach déanaí ná 14 lá tar éis an dáta sin. Mura gcomhlíonfaidh an páirtí lena mbaineann an iarraidh sin laistigh den tréimhse a shonraítear, seirbheálfar doiciméid bhreise gan chruthúnas seirbheála go dtí go dtabharfar fógra don chúirt maidir le gníomhaire iomchuí atá údaraithe chun glacadh le seirbheáil, nó maidir le háit seirbheála san Ostair. Measfar an doiciméad a bheith seirbheáilte 14 lá tar éis a phostaithe (Roinn 98 de Chód Nós Imeachta Sibhialta na hOstaire (*Zivilprozessordung*) i gcomhréir le Roinn 252 IO.

Déanfar an tseirbheáil do chreidiúnaithe trí bhíthin fógra poiblí sa chomhad dócmhainneachta (*Insolvenzdatei*) (Roinn 257 (3) IO).

Chun sócmhainní an fhéimhigh a urrú, ordaíonn an chúirt mar a leanas:

Tugtar treoir don chleachtóir dócmhainneachta liostú agus luacháil na sócmhainní a thionscnamh gan mhoill (Roinn 96 IO).

Osclóidh an cleachtóir dócmhainneachta cuntas le haghaidh eastát an fhéimhigh le banc. Tabharfaidh an féichiúnaí aon airgead tirim, earraí luachmhara, agus taifid ghnó ar láimh an chleachtóra dócmhainneachta gan mhoill agus soláthróidh sé na soiléirithe uile is gá chun an gnólacht a bhainistiú.

Aon duine a bhfuil maoin shochorraithe/dhochorraithe ina sheilbh aige, ar cuid d'eastát an fhéimhigh í, ní mór dó fógra a thabhairt don chleachtóir dócmhainneachta dá réir sin.

Tá an comhad dócmhainneacht (*Insolvenzdatei*) le fáil ag www.edikte.justiz.gv.at.

Tugadh treoir do chreidiúnaithe a n-éilimh a chur faoi bhráid HG Wien go dtí an 20 Feabhra 2025 ('**tréimhse chlárúcháin**') don chéad éisteacht scrúdúcháin a bhí ar siúl an 6 Márta 2025. Is féidir éilimh a chur faoi bhráid HG Wien fós, ach ní féidir le creidiúnaithe a chláraíonn a n-éilimh tar éis dhul in éag na tréimhse clárúcháin aon éileamh a scrúdaíodh roimhe sin a dhíospóid. Déanfar scrúdú ar éilimh a chuirtear isteach tar éis na tréimhse clárúcháin ag éisteacht scrúdúcháin ag HG Wien ar dháta atá le socrú.

Ní mór éilimh a thaisceadh i gcomhréir le Roinn 102-113a IO ag HG Wien go heisiach in EURO. Ní mór éilimh in airgeadraí eachtracha a chomhshó go EURO ag an ráta malairte is infheidhme an 10 Nollaig 2024 (USD: 1,0527; CAD: 1,4908; CHF: 0,9267; GBP: 0,82555). An fhoirm atá ar shuíomh gréasáin na hAireachta Dlí agus Cirt, www.eingaben.justiz.gv.at, ba cheart úsáid a bhaint aisti chun éilimh a chlárú. Ba cheart do chreidiúnaithe fógra a thabhairt faoina sonraí bainc agus faoina seoladh ríomhphoist.

An sprioc-am chun achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh le hArd-Chúirt Réigiúnach Vín (*Oberlandesgericht Wien*), chuaigh sé in éag i mí na Nollag 2024.

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach an suíomh gréasáin seo a leanas: https://edikte.justiz.gv.at/edikte/id/idedi8.nsf/0/b4eea5e4814d05eec1258bef007942ef!OpenDocument ina bhfuil na dátaí le haghaidh éisteachtaí scrúdúcháin a bheidh ann amach anseo. Féach freisin an táb ábhair chomhlántaigh chun tuilleadh eolais a fháil.

Cleachtóir dócmhainneachta arna cheapadh ag an gcúirt
(leachtaitheoir)
Dr. Thomas ENGELHART